**Breithiúnas na Cúirte (an Tríú Dlísheomra) an 14 Iúil 2022 – an Coimisiún Eorpach v VW, Parlaimint na hEorpa, Comhairle an Aontais Eorpaigh**

**(Cásanna uamtha C-116/21 P go C-118/21 P, C-138/21 P agus C-139/21 P)** [1]

***(Achomharc – Státseirbhís – Pinsean – Rialacháin Foirne Oifigigh an Aontais Eorpaigh – Airteagal 20 d'Iarscríbhinn VIII – Pinsean marthanóra a dheonú – Céile marthanach d'iar-oifigeach a raibh pinsean scoir á fháil aige nó aici – Oifigeach a phósadh tar éis dó nó di éirigh as an bpost – An coinníoll gur mhair an pósadh cúig bliana ar a laghad ar dháta bhás an oifigigh – Airteagal 18 d'Iarscríbhinn VIII – Oifigeach a phósadh roimh dó nó di éirigh as an bpost – An coinníoll gur mhair an pósadh bliain amháin ar a laghad – Pléadáil neamhdhleathachta i leith Airteagal 20 d'Iarscríbhinn VIII – An Chairt um Chearta Bunúsacha an Aontais Eorpaigh – Airteagal 20 – Prionsabal na córa comhionainne – Airteagal 21(1) – Prionsabal an neamh-idirdhealaithe de bhun aoise – Airteagal 52(1) – idirdhealú treallach nó idirdhealú atá mí-oiriúnach go follasach i bhfianaise an chuspóra a bhfuil reachtas an Aontais dírithe air)***

(2022/C 359/04)

*Teanga an cháis: an Fhraincis*

**Páirtithe**

*(Cás C-116/21 P)*

*Iarratasóir*: an Coimisiún Eorpach (ionadaithe: G. Gattinara, B. Mongin agus B. Schima, i gcáil Gníomhairí)

*Páirtithe eile sna himeachtaí:* VW (ionadaí: N. de Montigny, avocate), Parlaimint na hEorpa (Ionadaithe: D. Boytha, J. Steele agus J. Van Pottelberge, i gcáil Gníomhairí), Comhairle an Aontais Eorpaigh (ionadaithe: M. Alver, M. Bauer agus R. Meyer, i gcáil Gníomhairí)

*(Cás C-117/21 P)*

*Iarratasóir*: an Coimisiún Eorpach (ionadaithe: G. Gattinara, B. Mongin agus B. Schima, i gcáil Gníomhairí)

*Páirtithe eile sna himeachtaí:* BT (ionadaí: J.-N. Louis, avocat), Parlaimint na hEorpa (ionadaithe: D. Boytha, J. Steele agus J. Van Pottelberge, i gcáil Gníomhairí), Comhairle an Aontais Eorpaigh (ionadaithe: M. Alver agus M. Bauer, i gcáil Gníomhairí), Cumann idirnáisiúnta iar-fhostaithe an Aontais Eorpaigh (AIACE Internationale) (ionadaithe: N. Maes, advocaat, agus J. Van Rossum, avocat)

*(Cás C-118/21 P)*

*Iarratasóir:* an Coimisiún Eorpach (ionadaithe: G. Gattinara, B. Mongin agus B. Schima, i gcáil Gníomhairí)

*Páirtithe eile sna himeachtaí:* RN (ionadaí: F. Moyse, avocat), Parlaimint na hEorpa (ionadaithe: D. Boytha, J. Steele agus J. Van Pottelberge, i gcáil Gníomhairí)

*(Cás C-138/21 P)*

*Iarratasóir:* Comhairle an Aontais Eorpaigh (ionadaithe: M. Alver agus M. Bauer, i gcáil Gníomhairí)

*Páirtithe eile sna himeachtaí:* BT (ionadaí: J.-N. Louis, avocat), an Coimisiún Eorpach (ionadaithe: G. Gattinara, B. Mongin agus B. Schima, i gcáil Gníomhairí, Parlaimint na hEorpa (ionadaithe: D. Boytha, J. Steele agus J. Van Pottelberge, i gcáil Gníomhairí), Cumann idirnáisiúnta iar-fhostaithe an Aontais Eorpaigh (AIACE Internationale) (ionadaithe: N. Maes, advocaat, agus J. Van Rossum, avocat)

*(Cás C-139/21 P)*

*Iarratasóir:* Comhairle an Aontais Eorpaigh (ionadaithe: M. Alver agus M. Bauer, i gcáil Gníomhairí),

*Páirtithe eile sna himeachtaí* VW (ionadaí: N. de Montigny, avocate), an Coimisiún Eorpach (ionadaithe: G. Gattinara, B. Mongin agus B. Schima, i gcáil Gníomhairí), Parlaimint na hEorpa (ionadaithe: D. Boytha, J. Steele agus J. Van Pottelberge, i gcáil Gníomhairí)

**An chuid oibríochtúil**

1) Cuirtear ar neamhní breithiúnais Chúirt Ghinearálta an Aontais Eorpaigh an 16 Nollaig 2020, VW v an Coimisiún (T-243/18, neamhfhoilsithe, EU:T:2020:619), an 16 Nollaig 2020, BT v an Coimisiún (T-315/19, neamhfhoilsithe, EU:T:2020:622), agus an 16 Nollaig 2020, RN v an Coimisiún (T-442/17 RENV, EU:T:2020:618).

2) Diúltaítear do na hachomhairc ó VW i gcás T-243/18, ó BT i gcás T-315/19 agus ó RN i gcás T-442/17 RENV.

3) Ordaítear do VW a costais féin a íoc chomh maith leis na costais arna dtabhú ag an gCoimisiún Eorpach agus ag Comhairle an Aontais Eorpaigh i gcás T-243/18 agus i gcás C-116/21 P agus C-139/21 P.

4) Ordaítear do BT a costais féin a íoc chomh maith leis na costais arna dtabhú ag an gCoimisiún Eorpach agus ag Comhairle an Aontais Eorpaigh i gcás T-315/19 agus i gcásanna C-117/21 P agus C-138/21 P.

5) Ordaítear do RN a costais féin a íoc chomh maith leis na costais arna dtabhú ag an gCoimisiún Eorpach i gcás F-104/15 agus T-442/17 RENV agus i gcás C-118/21 P.

6) Ordaítear don Choimisiún Eorpach agus do RN a gcostais féin a íoc arna dtabhú i gcás T-695/16 P.

7) Ordaítear do Pharlaimint na hEorpa agus do Chumann idirnáisiúnta iar-fhostaithe an Aontais Eorpaigh (AIACE Internationale) a gcostais féin a íoc sna cásanna uile a raibh siad mar idirghabháilí iontu ar chéadchéim agus ar achomharc, lena n-áirítear, a mhéid a mbaineann le Parlaimint na hEorpa, i gcásanna F-104/15 agus T-695/16 P.

---

([1]) IO C 182, an 10.05.2021

---

**Breithiúnas na Cúirte (an Tríú Dlísheomra) an 14 Iúil 2022 (iarraidh ar réamhrialú ón Cour de cassation – an Fhrainc) – Forghníomhú barántais gabhála Eorpaigh arna eisiúint i gcoinne KL**

**(Cás C-168/21)** ([1])

***(Iarraidh ar réamhrialú – Comhar breithiúnach in ábhair choiriúla – Cinneadh réime 2002/584/CGB – Airteagal 2(4) – Coinníoll choiriúlacht dhúbailte an ghnímh – Airteagal 4(1) – Forais le haghaidh neamhfhorghníomhú roghnach an bharántais gabhála Eorpaigh – Athbhreithniú an údaráis bhreithiúnaigh fhorghníomhaithigh – Gníomhartha ar cion iad i bpáirt faoi dhlí an Bhallstáit fhorghníomhaithigh – Airteagal 49(3), den Chairt um Chearta Bunúsacha an Aontais Eorpaigh – Prionsabal na comhréireachta i dtaca le cionta coiriúla agus pionóis)***

(2022/C 359/05)

*Teanga an cháis: an Fhraincis*

**An chúirt a rinne an tarchur**

Cour de cassation (An Fhrainc)

**Páirtí sna príomhimeachtaí**

KL

*Idiragraí:* Procureur général près la cour d'appel d'Angers